



Árais d'Aosú Cliste - Dúshlán i nDearadh Uilíoch Treoir maidir leis an Dearadh

Foirm Iarratais agus tuilleadh eolais ag:
www.HomesforSmartAgeing-UD.com

Is árais chliste agus inoiriúnaithe a bheidh ann amach anseo sa domhan forbartha. Is iomaí buntáiste atá leo, ó fhuinneamh a spáráil go dtí a bheith oiriúnach ar feadh an tsaoil.

Is ionann Árais d'Aosú Cliste - Dúshlán i nDearadh Uilíoch (HSAUDC) agus glaoch oscailte ar smaointe a léireoidh nuálaíocht maidir le dearadh ar árais chliste agus inoiriúnaithe.

Tá duaischiste suas le **€100,000** le fáil ón HSAUDC.

Is é cuspóir an HSAUDC ná smaointe a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar chaighdeán saoil daoine scothaosta in Éirinn i gcomhthéacs Gníomh 2.19 den Phlean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine agus sa Chlár Gníomhartha d'Aosú Cliste.

Maidir leis sin, tugann an HSAUDC cuireadh d'aon duine a bhfuil **smaoineamh** nuálach agus samhlaíoch aige a d'fhéadfaí a chur i láthair mar **réiteach**; a bheidh indéanta, éifeachtach ó thaobh costais de agus a d'fhéadfadh a bheith i ngnáthúsáid amach anseo chun tacú le réitigh d'aosú cliste i dtír réimse shonracha:

- teicneolaíochtaí cliste i dtithe do dhaoine scothaosta, agus/nó;
- tithe atá ann cheana féin a chur in oiriúint do riachtanais daoine scothaosta, agus/nó;
- pobail scoir.

Ní ghlacfar le smaointe tráth níos déanaí ná **12:00 meán lae an 13^ú Márta 2017**. Déanfar iarratais a mheas ó thaobh incháilitheachta agus comhláine in aghaidh na Riachtanas Iontrála.

Tabharfaidh Painéal Moltóirí scór do smaointe a cháilíonn in aghaidh Chritéir Mheastóireachta Bhabhta 1.

Molfar 5 smaoineamh ar a mhéid le dul ar aghaidh go dtí Bhabhta 2. Fógrófar na smaointe atá Molta an 3^ú Aibreán 2017 agus bronnfar **€10,000** an duine ar na hiontrálaithe molta.

Cuirfear comhairle ghinearálta ar na hiontrálaithe Molta maidir lena smaointe a chosaint.

Mar ullmhúchán do Bhabhta 2, beidh ar na hiontrálaithe molta a smaointe a fhorbairt tuilleadh. **D'fhéadfadh** taighde margaidh, tástálacha, trialacha agus fréamhshamhlacha, etc. a bheith i gceist chun a léiriú gur breithníodh prionsabail an Dearaidh Uilíoch agus go bhfuil an smaoineamh indéanta, éifeachtach ó thaobh costais agus go bhféadfadh sé a bheith i ngnáthúsáid sa todhchaí.

Ní mór Iontrálacha Bhabhta 2 a bheith faighte faoin **12:00 meán lae an 12^ú Meitheamh 2017**. Tabharfaidh an Painéal Moltóirí scór dóibh in aghaidh Chritéir Mheastóireachta Bhabhta 2.

Beidh ar Iontrálaithe Bhabhta 2 cur i láthair i bpearsa a dhéanamh don Phainéal Moltóirí freisin. I mBaile Átha Cliath a dhéanfar na cuir i láthair sin, i rith na seachtaine dar tús an **19^ú Meitheamh 2017**.

Fógrófar an buaiteoir ag searmanas gradam i mBaile Átha Cliath an **28^ú Meitheamh 2017** agus bronnfar duais **€50,000** air.

D'fhéadfaí cuireadh a thabhairt don Bhuaitheoir páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí bolscaireachta eile maidir le hAosú Cliste.

Tá an Fhoirm Iontrála HSAUDC, Téarmaí agus Coinníollacha agus Eolas Áisiúil eile ar fáil ag: www.HomesforSmartAgeing-UD.com

Duine Teagmhála an HSAUDC: Hugh Torpey: Design2017@mci-group.com

Glac páirt sa chomhrá ar Twitter: @Design_UD #DesignChallenge



An Roinn Tithíochta, Pleanála,
Pobail agus Rialtais Áitiúil
Department of Housing, Planning,
Community and Local Government



**ENTERPRISE
IRELAND**
where innovation means business

